C/2026/2330

28.4.2026

Fógra maidir le dul in éag atá le tarlú i dtaca le bearta frith-fhóirdheontais áirithe

(C/2026/2330)

1. Mar a fhoráiltear in Airteagal 18(4) de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), tá an Coimisiún ag tabhairt fógra go rachaidh na bearta frithchúitimh a luaitear thíos in éag ar an dáta a luaitear sa tábla thíos mura dtionscnófar athbhreithniú i gcomhréir leis an nós imeachta seo a leanas.

2. **Nós imeachta**

Féadfaidh táirgeoirí an Aontais iarraidh i scríbhinn a dhéanamh ar athbhreithniú éaga. Ní mór fianaise leordhóthanach a bheith san iarraidh sin gur dócha, ar dhul in éag na mbeart, go leanfar den fhóirdheonú agus den díobháil nó go ndéanfar an athuair iad. Má chinneann an Coimisiún na bearta lena mbaineann a athbhreithniú, tabharfar deis ansin d'allmhaireoirí, d'onnmhaireoirí, d'ionadaithe na tíre is onnmhaireoir agus do tháirgeoirí an Aontais a gcuid barúlacha a thabhairt maidir leis na hábhair a leagtar amach san iarraidh ar athbhreithniú, nó cur leis na hábhair sin, nó iad a bhréagnú.

3. **Teorainn ama**

Ar bhonn an mhéid thuas féadfaidh táirgeoirí an Aontais iarraidh i scríbhinn a dhéanamh ar athbhreithniú, iarraidh nach mór a bheith faighte ag an gCoimisiún Eorpach ag an seoladh seo: European Commission, Directorate-General for Trade and Economic Security (Unit G-1), CHAR 4/39, 1049 Bruxelles/Brussel, BELGIQUE/BELGIË ([2]), tráth ar bith tar éis fhoilsiú an fhógra seo ach tráth nach déanaí ná trí mhí roimh an dáta a luaitear sa tábla thíos.

4. Foilsítear an fógra seo i gcomhréir le hAirteagal 18(4) de Rialachán (AE) 2016/1037.

Táirge	Tír/tíortha tionscnaimh nó tír/tíortha is onnmhaireoir(í)	Bearta	Tagairt	Dáta éaga ([1])
Cáblaí snáthoptaice	Daon-Phoblacht na Síne	Dleacht frithchúitimh	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/72 ón gCoimisiún an 18 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 12, 19.1.2022, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/72/oj)	20.1.2027

([1]) Rachaidh an beart in éag ag meán oíche (00:00) an lá a luaitear sa cholún seo.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1037/oj.
([2]) TRADE-Defence-Complaints@ec.europa.eu.